Liostaítear é in Iarscríbhinn II den Treoir ón AE maidir le Gnáthóga agus liostaítear é mar speiceas i mbaol sa Red Data Book. Tá cosaint aige freisin faoin Ordú um Chosaint Flora 1999. Tá sé in aghaidh an dlí, i gcás na bplandaí cosanta go léir, iad a ghearradh, a stoitheadh nó damáiste a dhéanamh dóibhsean nó dá ngnáthóg ar bhealach ar bith.

Níl i bPoblacht na hÉireann go léir ach ocht bpobal den bhláth seo gur fios iad agus tá siad go léir ag fás i gCo. Mhaigh Eo. Is bláth álainn é a mbíonn peitil ghlébhuí air agus spotaí dearga in íochtar taobh istigh. Bíonn sé faoi bhláth ó Iúil go Meán Fómhair agus beonn sé an portach lena dhath. Creidtear gurb í an draenáil agus saothrú an talaimh phortaigh mar a mbíodh a ghnáthóg is cúis leis an meath atá ag teacht ar an speiceas seo.

Magairlíní, ní fhéadfadh sé nár thug tú faoi deara iad agus iad faoi bhláth i mbliana. B'álainn go deo iad. Tá 27 speiceas den mhagairlín againn in Éirinn. Ní hé amháin go dtugann na blátha fíoráille seo taitneamh dúinn ach tá siad ann chomh maith le pailneoirí feiliúnacha a mhealladh. Tarraingíonn na dathanna glé agus an cumhrán neamhaí ár n-aird agus is áit chaoithiúil iad a liopaí do na feithidí le tuirlingt orthu.

Bíonn saolré neamhghnách ag magairlíní. Tá síolta an mhagairlín ar chuid de na síolta is lú dá bhfuil ann. Braitheann siad ar na cothaithigh a fhaigheann siad le cabhair ó fhungais. Faigheann fungais an charbaihiodráit as ábhar orgánach san ithir agus seoltar ar aghaidh chuig an síol é.

Fuarthas an magairlín álainn, magairlín beag an fhéileacáin (*Platanthera bifolia*) i mbliana ar chiumhais cheann de bhóithre an limistéir. Ó tharla nach gcuirtear an oiread céanna móinéar faoi fhéar anois is a chuirtí tráth nó go mbítear níos déine i mbun an fhómhair is minic gurb í ciumhais an bhóthair an t-aon áit amháin a fhaightear talamh féaraigh nár feabhsaíodh agus is áit mhaith í sin do bhlátha fiáine.

Bíonn a mblátha geala i gcosúlacht chroise sách báiníneach le go bhfeicfí iad le titim na hoíche agus scaoileann siad an cumhrán is láidre ar bholadh fanaile amach le titim an dorchadais le leamhain a mhealladh. Tá 48% den raon a bhíodh go traidisiúnta faoin mbláth seo in Éirinn caillte anois agus ba roimh an mbliain 1970 an uair ba dheireanaí a ndearnadh é a dhoiciméadú in iarthar Mhaigh Eo (Harrap, 2005).

Tóg go réidh é, más ea, agus tú ag fánaíocht le ciumhais an bhóthair agus thar fhálta sceach. Bíonn rud álainn éigin le feiceáil i gcónaí; ní bhíonn le déanamh ach é a thógáil go réidh le féachaint thart timpeall. Ní lán le "luifearnach" a bhíonn siad in aon chor; is

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra
Oifig an Laig Dhuibh: 098

49996

Nuachtlitir Dheireadh Fómhair 2008 – Eagrán 4

An tEolas is deireanaí faoin Ionad Cuairteoirí sa Pháirc Náisiúnta:

Tá an obair thógála ar an ionad cuairteoirí i bPáirc Náisiúnta Bhaile Chruaich ionann is críochnaithe. Is é an taispeántas léirmhínithe a thógáil agus a shuiteáil an chéad chéim eile. Bronnadh an conradh seo ar Cod Steaks Ltd (is iad siúd a rinne an seit don scannán Wallace & Gromit: The curse of the Were Rabbit). Tá cuma bhreá ar an leagan amach agus ar an ábhar atá molta agus táimid ag tnúth leis an Ionad Cuairteoirí a oscailt don phobal san earrach seo chugainn.

Ag féachaint soir thar an bportach ó Scardán i dtreo an Chorrshléibhe agus Tawnyanruddia.

Céard atá ag tarlú sa Pháirc Náisiúnta agus i Limistéar faoi Chosaint Speisialta na hAbhann Duibhe/Néifinne faoi láthair?

- Tá briseadh samhraidh (cá bhfuil an ghrian) á thógáil ón suirbhé ar an Altas Éan 2007-11, a bhíonn á chomhordú ag Cairde Éanlaith Éireann ach tosófar ar ais arís air an Samhain seo i gcomhair thaifid an gheimhridh. Tá sé d'aidhm leis an suirbhé na speicis éan go léir a ligeann amach ál agus a chaitheann an geimhreadh in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a mhapáil.
  Rinneadh suirbhé ar 38 teitread (cearnóg 2km x 2km) i Maigh Eo i gcaitheamh an gheimhridh agus nuair a bhí na hálta á ligean amach sa samhradh anuraidh. Clúdaíodh thart ar 90% de na speicis i Maigh Eo go dtí seo. Is iontach an toradh é seo do gach aon duine a ghlac páirt agus do na héin go háirithe.

  Más mian leat páirt a ghlacadh agus cuairt a thabhairt ar chearnóg faoi dhó i gcaitheamh séasúir nó eolas a thabhairt faoi éin a thug tú faoi deara agus tú amuigh, féadfaidh tú glaoch ar Chairde Éanlaith Éireann, 057-9151676, nó dul isteach ar a suíomh gréasáin www.birdatlas.net.
- Tugadh loirg chuadrothair faoi deara sa Pháirc Náisiúnta agus tá drochbhail á gcur acu sin ar an talamh. Is gá cead a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le haghaidh na gníomhaíochta seo, mar sin téigh i dteagmháil leis an oifig chun a thuilleadh eolais a fháil. Tá dianmhonatóireacht á déanamh ar na loirg agus tá taifead ann díobh anois.
- Tá súil againn tosú ag glanadh Róslabhrais de chuid de thailte na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an geimhreadh seo. Áirítear smachtú na speiceas ionrach ar dhea-chleachtais feirmeoireachta. Má tá tú istigh i REPS d'fhéadfaí é seo a chur san áireamh i do phlean. Ach is obair thiarálach í agus ní mór dúthracht a chaitheamh léi.

  Má tá talamh i limistéar ainmnithe is gá an t-iarratas, "Gníomh Infhógartha", a dhéanamh ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Más mian leat a thuilleadh a fháil amach faoi na treoirlínte maidir le dea-chleachtas san obair seo féadfaidh tú dul isteach ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus an mhír ar Pháirc Náisiúnta Chill Airne a oscailt. Tá modhanna a úsáideadh go minic cheana le léamh anseo agus tá buntáistí agus míbhuntáistí gach aon cheann de na modhanna sin tugtha freisin. Seachas sin téigh i dteagmháil leis an Maoirseoir Caomhantais, Nicola Carroll, san oifig sa Lag Dubh.
- Táthar tar éis tús a chur sa limistéar leis an suirbhé don Atlas Ialtóg 2007-2010. Míle buíochas leis na daoine a d'inis dúinn cá bhfaca siad na mamaigh mhealltacha seo. Déantar monatóireacht ar chearnóg 10km le haghaidh an tsuirbhé agus cuirtear liosta de na speicis (tá deich gcinn againn in Éirinn) a chloistear (úsáidtear brathadóir ialtóg) ar taifead. Bheifí ag súil go dtaispeánfadh sé seo dáileadh na n-ialtóg in Éirinn mar gur iomaí áit ann ina mbíonn na hialtóga ach nár cuireadh ar taifead go hoifigiúil iad fós ná nach ndearnadh doiciméadú ar bith orthu; agus áirítear Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich ar na háiteanna sin. Mar sin más mian leat cuidiú linn agus más eol duit cá mbíonn ialtóga ar a bhfara nó cá mbeathaíonn siad tar i dteagmháil linn.

  Is minic le míoltóga cur as do dhaoine ach cuimhnigh gur féidir le hialtóg amháin suas le 3000 díobh a ithe in aon oíche amháin. Cé nach gceapfá gur chóir dúinn a bheith buíoch díobh?

- Éan creiche atá sách mór is ea Cromán na gCearc a fhaightear ar thailte arda san earrach agus sa samhradh agus ar thailte ísle agus in áiteanna cois cósta sa gheimhreadh. Tá siad beagán níos mó ná an charóg liath; clúmh donn a bhíonn ar an gcaróg bhaineann in uachtar agus bíonn stríocaí anonn is anall uirthi in íochtar.

  Clúmh liathghorm feiceálach a bhíonn ar an gceann fireann agus bíonn dath dubh ar bharr a sciathán. Bíonn paiste geal ar fheimide an phéire.

  Bailíonn siad le chéile ar a bhfara sna tráthnónta sa gheimhreadh. Táimid ar an eolas faoi láthair amháin sa chuid seo de Mhaigh Eo ina mbíonn siad ar a bhfara ach táimid cinnte gur cheart go mbeadh i bhfad níos mó ná sin ann. Tá lámh chúnta á tabhairt againn maidir leis an suirbhé náisiúnta ar Chromán na gCearc agus iarraimid ar an bpobal cuidiú linn agus muid a chur ar an eolas má fheiceann siad na héin seo in áit ar bith agus d'fhéadfadh go gcuideodh sé sin linn fáil amach cá bhfuil a thuilleadh de na láithreacha fáire. Beidh níos mó eolais sa chéad nuachtlitir eile.

Grianghraf faoi chóipcheart: Barry O'Donoghue

- Nóta lena mheabhrú gurb í an tréimhse idir an 1chd Samhain agus an 31ú Nollaig an chéad tréimhse eile arís le haghaidh an stoic a bheith bainte de SPA na hAbhann Duibhe/Néifinne le haghaidh an gheimhridh. Leanfar den mhonatóireacht ón aer agus ar talamh sa tréimhse sin. Is í an tréimhse ón 14ú Feabhra go dtí an 13ú Bealtaine an dara tréimhse.
- Bailíodh síolta an bhlátha, an créachtach (*Lythrum salicaria*), sa limistéar agus seoladh ar aghaidh iad chuig Cumann na nEolaithe Bogaigh i bPoblacht na Seice. Tá conspóid á tarraingt ag an speiceas seo ó tharla go leor leor de a bheith ag scaipeadh i Meiriceá Thuaidh. Cuirfear fréamh ghéiniteach an speicis i Meiriceá Thuaidh i gcomparáid leis na blátha a bailíodh in Éirinn agus cuideoidh sé sin le meabhair a bhaint as a ionraí is atá sé anseo.

Flóra:

Tá an **Mórán Réisc,** *Saxifraga hirculus*, ar cheann de na plandaí bláthanna is neamhchoitianta in Éirinn. Tá sé de phribhléid againn é bheith ag fás sa limistéar i mborrfhás mianrach mar a mbíonn tonnadh cothaitheach aníos go barr talún.

blátha fiáine dúchasacha iad na plandaí sin. Gné ársa álainn dár dtírdhreach iad na fálta sceach. Bain taitneamh astu.

Fána:

Madraí Uisce (*Lutra lutra)*: Meastar gur in Éirinn atá ceann de na pobail mhadraí uisce is tábhachtaí dá bhfuil fágtha in Iarthar na hEorpa. Liostaítear an madra uisce in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IV den Treoir ón AE maidir le Gnáthóga agus in Iarscríbhinn II de Choinbhinsiún Bheirn '79. Liostaítear é mar speiceas Leochaileach sa Red Data Book agus tá sé faoi chosaint iomlán faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra '76 agus 2000.

Sa suirbhé náisiúnta a rinneadh idir 2004-05 (Bailey, M & Rochford, J) rinneadh suirbhé ar shé cinn de láithreacha i Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) na hAbhann Duibhe/Néifinne (bhíothas ag faire amach do chomharthaí ag féachaint an raibh nó nach raibh madra uisce ann); bhí comharthaí ann go raibh sé i gcúig cinn díobh.

Is gnách le madraí uisce beathú agus taisteal san oíche agus ní bhíonn de thuairisc againn go raibh siad in áit ach amháin go bhfágann siad fearadh lonrach dubh (spraint) ina ndiaidh. Bíonn boladh cineál milis muscach air seo agus is iondúil go mbíonn sé fágtha ar áiteanna feiceálacha cosúil le clocha nó píopaí draenála agus is chun a n-áit a mharcáil a dhéanann siad é seo. Bíonn lapaí cúig ladhar orthu agus uaireanta is féidir a loirg a fheiceáil sa phuiteach feadh bhruach na habhann. Bíonn éagsúlacht sa bhia a itheann siad – eascann, iasc, ribe róibéis agus ciaróg. Is táscairí bitheolaíocha iad go bhfuil an t-uisce go maith. Ainmhithe spraiúla is ea iad agus féadtar iad a fheiceáil ag sní isteach agus faoi agus thart timpeall a chéile nuair a bhíonn siad ag snámh. Tugann siad le tuiscint gur saol spleodrach taitneamhach an saol a bhíonn acu.

An raibh a fhios agat seo?

An bhfaca tú riamh ábhar amhail is gur sobal coipeach é ar an bhféar nó ar chraobhóga i mí an Mheithimh?

Seile na cuaiche is coitianta a thugtar air ach i ndáiríre is nimfeach (óige na feithide) fheithide ar a nglaoitear míol seile cuaiche a chaitheann uaithi í. Tugtar an t-ainm seo air mar go bhfuil sé ábalta léim. Má thagann sé anuas ort féadfaidh tú léim a bhaint as ach é a bhrú go deas réidh le barr do mhéire. Séideann an nimfeach fheithide aer isteach i leacht a ligeann sé amach trína anas ionas nach dtriomóidh an leacht agus le go dtabharfaidh sé cosaint éigin dó ó chreachadóirí.
Anois céard a déarfá – aisteach ach iontach.

Más mian leat d'ainm a bheith thíos ar an liosta seoltaí don chéad nuachtlitir eile téigh i dteagmháil leis an oifig sa Lag Dubh (098) 49996, le do thoil.